An Sráidcheoltóir is fearr á lorg

Táthar sa tóir ar an sráidcheoltóir is fearr in Éirinn! Tá cuireadh ag dul amach do cheoltóirí agus amhránaithe gur spéis leo a bheith páirteach i seó tallainne nua chun teacht ar an oirfideach sráide is fearr sa tír. Is léir mar sin go bhfuil sé i ndán dúinn uilig na 'Cathanna Cheol Sráide' a thabhairt don chéad leibhéal eile!

Chuile lá, ar chuile phríomhshráid in Éirinn, cuireann amhránaithe agus ceoltoírí siamsaíocht agus gliondar ar fáil don phobal. Anois, beidh deis acu a gceol a spré ar fud na tíre ar an scaileán beag.

Má chas tú ar an sráid ariamh, nó os comhair lucht féachana, mór nó beag; má tá giotár caite ar do ghualainn, nó má tá tú ag casadh le grúpa, seo an stáitse duitse. Déanfar an tsraith a thaifead i stiúideo RTÉ ag deireadh Mhí Feabhra, ach tá clárú don seó ar oscailt anois. As na hiarratais, roghnófar 100 grúpa/aonánach do na taifeadtaí agus tabharfar deis dóibh a dtallann a thaispeáint don tír. I rith na sraithe, déanfaidh triúr breitheamh - saineolaithe ón saol ceoil 'is amhráin – líon na n-iomaitheoirí a laghdú go grúpa deichniúir. Rachaidh an deichniúr sin in iomaíocht, ceann go ceann, don teideal 'An Sráidcheoltóir is fearr in Éirinn' a ghabháil chomh maith le duais airgid. Tá an comórtas ar oscailt do chách, idir óg agus aosta. Is féidir gach eolas agus foirmeacha iarratais a fháil ach scríobh chuig laura@adareproductions.ie

Gluais:	Glossary:
sráidcheoltóir	street musician
seó tallainne	talent show
príomhshráid	high street
gualann	shoulder
stáitse	stage
aonánach	individual
sraith	series
ceann go ceann	head to head
teideal	title

Aoife agus Liam na hainmneacha Gaeilge is coitianta ar pháistí

De réir figiúirí a d'eisigh Oifig na bPasanna ar Shráid Theach Laighean i mBaile Átha Cliath le déanaí is iad Aoife agus Liam na hainmneacha Gaeilge is coitianta ar leanaí Éireannacha. D'eisigh an Oifig liosta na n-ainmneacha is coitianta ar phasanna a eisíodh do shaoránaigh faoi bhun trí bliana d'aois i 2014.

Eisíodh 53,046 pas do pháistí faoi bhun trí bliana d'aois anuraidh. Ar bharr an liosta bhí 'Emily' agus 'Jack' arís, ainmneacha a bhfuil an phríomháit bainte amach acu le roinnt mhaith blianta anuas. Ar an liosta iomlán de 200 ainm bhí 34 ainm Gaeilge ar liosta na gcailíní agus 37 ainm Gaeilge ar liosta na mbuachaillí – ina measc Róise agus Gráinne, Odhrán agus Caolán. Ar na hainmneacha nua is coitianta ar an liosta bhí Zuzanna agus Kacper ón bPólainn.

Gluais:	Glossary:
ainmneacha	names
coitianta	popular
figiúirí	figures
d'eisigh	issued
pasanna	passports
saoránaigh	citizens
ina measc	including



Glór Cheatharlach

Ardchaighdeán Díospóireachta i gCeatharlach

Bhí ardchaighdeán díospóireachta i gCeatharlach ar an Déardaoin, 8ú Eanair, nuair a thug Scoil Chríost Rí, Port Laoise, Meánscoil na Toirbhirte, Cill Chainnigh agus Coláiste na Toirbhirte, Ceatharlach aghaidh ar a chéile sa chomórtas sóisearach de na Comórtais Díospóireachta d'iarbhunscoileanna eagraithe ag Gael Linn. Bhí ardchaighdeán chomh maith nuair a thug Acadamh Naomh Muire, Ceatharlach, Pobalscoil Ghuaire, Co. Loch Garman, Meánscoil na Toirbhirte, Cill Chainnigh agus Scoil Chríost Rí, Port Laoise aghaidh ar a chéile sa chomórtas sinsearach. 'Is maith ann iad facebook agus na meáin shóisialta eile' an rún a pleádh sa bhabhta sóisearach agus 'Tá feirmeoirí na tíre seo ar mhuin na muice' an rún a pléadh sa bhabhta sinsearach. Thug Jamie Ó Tuama, eagraí an chomórtais, a bhí i láthair thar cheann Gael Linn ardmholadh do na cainteoirí uile ar an oíche. Dúirt sé gur cuireadh taispeántas iontach ar fáil don lucht éisteachta. Rinne sé tagairt ach go háirithe don stíl nádúrtha lán de ghreann agus de shiamsaíocht a léiríodh i ndíospóireacht na sinsear.

Ba léir go raibh jab an-deacair le déanamh ag na moltóirí ach ar deireadh scaoileadh Scoil Chríost Rí, Port Laoise agus Coláiste na Toirbhirte, Ceatharlach ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile sa chomórtas sóisearach. Acadamh Naomh Muire, Ceatharlach agus Pobalscoil Ghuaire, Co. Loch Garman atá ag dul ar aghaidh i gcomórtas na sinsear. Guíonn Glór Cheatharlach gach rath ar na foireann sa chéad bhabhta eile agus ar na múinteoirí i bhfeighil orthu.

Gluais:	Glossary:
caighdeán	standard
díospóireacht	debate
eagraithe	organized
sóisearach	junior
sinsearach	senior
rún	motion
greann	humour
siamsaíocht	entertainment
moltóirí	judges
ag dul ar aghaidhgoing	forward

Ailís Chapman, Meadhbh Ní Bhruadair agus Niamh Chapman atá ar fhoireann díospóireachta díospóireachta Choláiste na Toirbhirte

Dara Mac Giollaphádraig, Conchobhar Ó Fionnaill agus Marcas Ó Leathlobhair atá ar fhoireann díospóireachta Acadamh Naomh Muire

Beidh lá eile ag an gCúigear Cróga!

Is cuimhin le cách idir óg agus aosta na scéalta binne faoin Famous Five le Enid Blyton. Anois, tá deis nua ag an gcéad ghlúin eile na scéalta cáiliúla sin a léamh – ach ag an uair seo, tá siad ar fáil as Gaeilge mar 'An Cúigear Cróga'. Foilsithe le déanaí ag Cló Iar-Chonnachta, tá Julian, Dick, George, Anne, agus Timmy thar n-ais ag lorg eachtraíochta. Tá ceithre leabhar ar fáil sa tsraith. Tá siad uilig maisithe ag Jamie Littler agus aistrithe go Gaeilge ag Máirín Ní Ghadhra agus Gormfhlaith Ní Thuairisg. I measc na dteideal ar fáil as Gaeilge cheana féin tá Trathnóna Díomhaoin, Saoire na Samhna, Maith Thú a Timmy agus Tá Gruaig George Rofhada. Scéal teasa atá in 'Tráthnóna Díomhaoin' agus an Cúigear ag caitheamh an lae go díomhaoineach ach is fada uatha an suaimhneas a raibh siad ag súil leis nuair a thagann fir na ngluaisrothar ina dtreo. In 'Saoire na Samhna' tá amhras ar Timmy faoi dhaoine ar an traein. Braitheann sé go bhfuil rud éigin thar a bheith aisteach faoi dhuine de na paisinéirí ach conas a bhfaighidh an Cúigear fios an scéil? Sa tríú leabhar sa tsraith 'Maith Thú a Timmy' feiceann an Cúigear buachaill á fhuadach ar an trá agus téann siad ar a thóir ach an mbeidh ar chumas Timmy é a aimsiú? Níl ach bearradh gruaige ó George in 'Tá Gruaig George Rófhada' ach ní fada go dtéann sí féin agus robálaithe cliste i mullach a chéile fhad is atá a chairde ag ithe uachtar reoite!









Tá na leabhair seo oiriúnach do pháistí san aoisghrúpa ocht go deich mbliana d'aois. Is féidir iad a cheannach ó shuíomh idirlín Chló Iar-Chonnachta ar www.cic.ie ar €7 an ceann. Cuirfidh leanaí le tart siamsaíochta orthu fáilte mhór roimh na leabhair álainne seo.

Gluais:	Glossary:
Cúigear Cróga	Famous Five
glúin	generation
eachtraíocht	adventure
maisithe	illustrated
aistrithe	translated
amhras	suspicion
oiriúnach	suitable
tart	thirst